

SCÉIM CHUN MEASÚNUITHE SÍCEOLAÍOCHTA A ORDÚ (SCPA)

Treoirínite do Síceolaithe SCPA – 2015/2016

Cuspóir na Scéime

Cuirtear an Scéim chun Measúnuithe Síceolaíochta a Ordú (SCPA) ar fáil ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)/an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) chun cuidiú le seirbhís síceolaíochta a sholáthar sna scoileanna uile. Cuireann an Scéim maoiniú ar fáil do scoileanna measúnuithe síceolaíochta aonair ar scoláirí a ordú ó shíceolaithe a oibríonn ar bhonn príobháideach.

Níl an scéim ann mar mhalairt ar sheirbhís síceolaíochta oideachais iomlán den chineál a chuireann NEPS/ROS ar fáil. Beart eatramhach is ea é atá ceaptha le cur leis an tseirbhís NEPS agus le freastal ar riachtanais phráinneacha reatha do leanaí agus do dhaoine óga. Déanann NEPS/ROS feidhmiú na scéime a athbhreithniú ar bhonn leanúnach.

Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime

Tá an Scéim chun Measúnuithe Síceolaíochta a Ordú (SCPA) 2015/2016 ar fáil ó 1/9/15 go 30/6/15.

Tá scoileanna freagrach as síceolaithe a ordú le measúnuithe a dhéanamh faoin scéim. Ní féidir le scoileanna ach síceolaithe atá ar an bpainéal reatha SCPA a ordú.

I gcoitinne, socrófar measúnuithe síceolaíochta a ordú trí chomhoibriú idir síceolaí NEPS na scoile agus an scoil. Uaireanta, nuair a chailleann scoil seirbhís NEPS go hearthréimhseach, seans go gceadófar roinnt mheasúnuithe a ordú le linn don síceolaí a bheith as láthair, ach cead scríofa a fháil ón Stiúrthóir Réigiúnda NEPS áitiúil.

Ní mór measúnú síceolaíochta aonair, ina iomláine, a bheith déanta go hiomlán agus go heisiach ag síceolaí a bhfuil a (h)ainm ar an bpainéal reatha SCPA.

Meastar nach gcuirfidh na síceolaithe uile ar an bpainéal níos mó ná 180 measúnú i gcrích i scoilbhliain, agus go gcuirfidh siad 3 mheasúnú ar a laghad gach bliain. Má chuireann síceolaí níos lú ná trí mheasúnú i mbliain, agus má thagann NEPS ar an eolas nach raibh an síceolaí ar fáil chun measúnuithe a dhéanamh, ansin b'fhéidir nach n-iarrfar ar an síceolaí a mballraíocht ar an bpainéal a athnuachan an bhliain dar gcionn.

Ní mór íocaíocht as measúnuithe a déantar faoin scéim a dhéanamh ó chistí SCPA agus ó na cistí sin amháin. Ní féidir le síceolaithe a ghlacann le horduithe faoin scéim íocaíocht a lorg nó a ghlacadh ó fhoinsé ar bith eile maidir le horduithe den tsórt sin agus beidh orthu a dheimhniú nach bhfuil a leithéid déanta acu mar choinníoll chun íocaíocht a fháil. Má lorgaítear nó má ghlactar le híocaíocht ó fhoinsé ar bith eile maidir le measúnú faoin scéim, beidh cúis ann leis an duine sin a bhaint ón bpainéal SCPA.

Ní féidir sonraí pearsanta scoláire aonair ar bith a bhaileofar do chúiseanna measúnaithe SCPA a úsáid ar chúis ar bith eile seachas riar an mheasúnaithe sin.

Ní mór do scoileanna agus síceolaithe cloí leis na nósanna imeachta atá molta, mar a leagtar síos iad ag NEPS/ROS.

Ní mór do síceolaithe SCPA obair laistigh dá réimsí cumais, fanacht ar an eolas faoi fhorbairtí le déanaí agus cloí le polasaí NEPS/ROS i gcónaí.

Painéal na Síceolaithe

Tiomsaíonn NEPS painéal na síceolaithe SCPA. Déantar an liosta seo a nuashonrú go rialta agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin ROS – Nasc le [Painéal Reatha na Síceolaithe SCPA](#)

Más mian le síceolaí ar bith nach raibh ar phainéal na bliana 2014/2015 dul ar phainéal na bliana 2015/2016, ní mór dó/di Foirm Iarratais SCPA agus Foirm Iarratais ar Ghrinnscrúdú an Gharda Síochána a líonadh isteach - tá an dá fhoirm seo ar fáil ón mBainisteoir SCPA.

Is féidir dul i dteagmháil leis an mBainisteoir SCPA ag scpa@education.gov.ie nó i scríbhinn ag:

Bainisteoir SCPA
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)
3ú hUrlár,
Trident House
An Charraig Dhubh,
Co. Bhaile Átha Cliath

Cuirfear síceolaithe nua leis an bpainéal SCPA, mar chleachtóirí príobháideachas, nuair atá siad tar éis NEPS a shásamh:

- gur Síceolaí Cláraithe nó Cairte iad (nó a choibhéis), le cúig bliana de thaithí ábhartha mhaoirsithe

NÓ

- go bhfuil cáilíocht iarchéime ghairmiúil acu i Síceolaíocht an Oideachais atá aitheanta ag PSI nó go bhfuil Dearbhú Cáilíochta ar Chomhluach as Síceolaíocht Oideachais a fháil de réir critéir PSI

NÓ

- go bhfuil cáilíocht iarchéime ghairmiúil acu sa tSíceolaíocht, atá aitheanta ag PSI nó go bhfuil Dearbhú Cáilíochta ar Chomhluach as Síceolaíocht a fháil de réir critéir PSI, móide dhá bhliain de thaithí mhaoirsithe ar thrialacha síceolaíochta do scoláirí a riar agus a léirmhíniú

NÓ

- go raibh siad fostaithe cheana féin mar shíceolaí ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)

AGUS

- gur comhaltaí iarchéime iad d'eagras gairmiúil cuí (m.sh. Cumann Síceolaíochta na hÉireann (PSI) nó the British Psychological Society (BPS))
- go bhfuil maoirsiú gairmiúil leanúnach agus oiriúnach á fháil dá n-obair curtha i gcrích mar chuid den Scéim chun Measúnuithe Síceolaíochta a Ordú.
- go gcloíonn siad le *Code of Professional Ethics* de chuid PSI (2011), le *Policy on the Use of Psychometric Tests in Ireland* de chuid PSI (2006), agus le *PSI Guidelines – Confidentiality and Record Keeping in Practice* (2011)
- go bhfuil grinnscrúdú an Gharda Síochána tríd NEPS déanta orthu
- go bhfuil Teastas Glanta Cánach (Foirm TC2) faighte acu ó na Coimisinéirí Ioncain

Ní mór do síceolaithe a ligeadh isteach ar phainéal 2013/2014 agus ar mian leo dul isteach i scéim 2014/2015 foirm um Athnuachan ar Bhallraíocht a líonadh isteach. Seolfar an fhoirm seo chucu sa phost roimh oscailt an phainéil i Meán Fómhair 2014.

Ní thugann ballraíocht ar an bpainéal le fios ach go bhfuil an síceolaí incháilithe ar mheasúnuithe a riar faoin scéim agus (ar an gcoinníoll go sásaítear na téarmaí agus

coinníollacha riachtanacha) íocaíocht a fháil as measúnuithe dá leithéid. Ní thugann sé le fios go bhfuil aon teidlíocht ann ina leith siúd.

Tá daoine a ligtear isteach ar phainéal 2015/2016 incháilithe ar mheasúnuithe a riar faoin scéim ón 1 Meán Fómhair 2015 go dtí 30 Meitheamh 2016, faoi réir na téarmaí agus na gcoinníollacha a leagtar síos sna Treoirínte SCPA do 2015/2016. Tá iallach ar shíceolaithe eolas a chur ar na téarmaí agus coinníollacha seo, agus cloí leo.

Nósanna imeachta le leanúint ag Síceolaithe i bhFeidhmiú na Scéime

Ní mór do síceolaithe a dhéanann measúnuithe faoin scéim:

1. Obair laistigh dá réimsí cumais i gcónaí.
2. Measúnuithe a riar le cúram agus le dúthracht réasúnta.
3. Cloí leis na Treoirínte SCPA faoi Sháibhailteacht ag Obair.
4. Gach gné de mheasúnú ar bith as a ndéantar iad a ordú agus a íoc, lena n-áirítear na tascanna agus gníomhaíochtaí gaolmhara uile, a chur i gcrích go pearsanta.
5. An measúnú a riar i scoil an scoláire, laistigh d'uaireanta scoile. (I gcúinsí eisceachtúla, is féidir iarratas a dhéanamh leis an Stiúrthóir Réigiúnda NEPS áitiúil measúnú SCPA a chur i gcrích lasmuigh d'áitreabh na scoile).
6. Iad féin a chur ar an eolas faoi, agus cloí le, himlitréacha agus cáipéisí a bhaineann le riachtanais speisialta a tháirgtear, ó am go ham, ag NEPS/ROS agus ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE). (Tá siad seo ar fáil ar shuíomh gréasáin ROS – www.education.ie agus ar shuíomh gréasáin NCSE – www.ncse.ie).
7. A n-ábhar trialacha nuashonraithe cuí féin a sholáthar agus a gcostais eile a chlúdach as an táille do mheasúnú.
8. Cineál éigin aitheantais (m.sh. ceadúnas tiomána, pas) a bheith ina seilbh nuair atá measúnuithe á riar faoin scéim.
9. A chinntiú, sula mbualann siad le scoláire, go bhfuil cóipeanna acu den Fhoirm Toilithe (Foirm 1) agus den Fhoirm Atreoraithe (Foirm 2) comhlánaithe agus sínithe ag na tuismitheoirí agus ag an scoil.
10. Athbhreithniú a dhéanamh ar thuariscí roimhe agus ar thaifid scoile chuí.
11. Trialacha aonair ar chumas cognaíoch agus ar ghnóthachtálacha agus seicliostaí iompraíochta cuí a riar mar is gá. Gabháil do bhreathnú sa seomra ranga nó sa chlós súgartha mar is gá. (Nóta: Measann NEPS/ROS go dtógfaidh sé an chuid is mó de lá scoile measúnú a chur i gcrích faoin scéim seo. I gcúinsí annamha b'fhéidir go mbeidh síceolaí SCPA dhá mheasúnú a chur i gcrích thar lá iomlán ach i gcoitinne ní bheidh ach ceann amháin ann.)
12. Bualadh le tuismitheoirí/caomhnóirí agus múinteoirí an scoláire chun aiseolas ó bhéal a thabhairt ar thoradh an mheasúnaithe, ag míniú na dtátaí agus a n-impleachtaí.
13. A sholáthar, laistigh de mhí féilire amháin, tuairisc síceolaíochta le moltaí do na tuismitheoirí/caomhnóirí agus don scoil, ag cur san áireamh gur chóir go mbeadh stíl, ábhar agus formáid na tuairisce oiriúnach do na daoine atá á fháil agus ag teacht le riachtanais NEPS sa réimse seo.

Tabharfar treoirínte ar scríobh tuairiscí. Is féidir iad seo a leasú ó am go ham i gcomhthéacs na n-athbhreithnithe rialta ar an scéim.
14. Bunleagan comhlánaithe agus sínithe d'Fhoirm 3 a chur faoi bhráid an phríomhoide, in éineacht le cóip den tuairisc measúnaithe. Ansin deimhníonn an príomhoide scoile

go bhfuil an obair curtha i gcrích go hiomlán agus déanann sé/sí an t-iarratas ar íocaíocht do NEPS.

15. A rá le NEPS nuair nach bhfuil sé/sí ag glacadh le horduithe a thuilleadh faoin scéim sa chaoi is gur féidir socrúithe a dhéanamh le scoileanna a chur ar an eolas.

Táillí do Mheasúnuithe Síceolaíochta a Riartar faoin Scéim

Níl aon chostas do thuismitheoirí/caomhnóirí nó do scoileanna as measúnuithe a déantar faoin scéim.

Is í an táille atá iníoctha ag NEPS do síceolaithe a riarann measúnuithe síceolaíochta faoi scéim 2015/2016 ná €304.00 in aghaidh an mheasúnaithe, atá faoi réir ag cáin shiarchoinneálach. Táille ghlan de €243.20 a bheidh ann mar thoradh air seo. Beidh an síceolaí freagrach as aon cháin eile atá dlite a íoc. Cuimsíonn an íocaíocht seo na costais uile (lena n-áirítear taisteal agus cothabháil) a thabhaíonn an síceolaí.

Má lorgaíonn síceolaí íocaíocht bhreis as measúnuithe SCPA ó thuismitheoirí/caomhnóirí nó ó scoileanna, is féidir iad a bhaint den phainéal.

Má chinntear go bhfuil íocaíocht bhreise ghlactha ag síceolaí, ó thuismitheoir/caomhnóir nó ó scoil, as obair a rinneadh faoin scéim, forchoimeádann NEPS/ROS an ceart an táille chaighdeánach a choinneáil siar ón síceolaí sin.

Nós Imeachta d'Íocaíocht faoin Scéim

Cuirfear an próiseas íocaíochta ar bun nuair a fhaigheann NEPS Foirm um Dheimhniú ar Mheasúnú a Chur i gCrích (Foirm 3) maidir le gach measúnú aonair, maraon le cóip den tuairisc síceolaíochta chúí.

Ní mór Foirm 3 a bheith comhlánaithe go hiomlán agus sínithe ag príomhoide na scoile agus an bhunleagan (ní cóip) curtha faoi bhráid NEPS, ag an bpríomhoide scoile, laistigh de thrí mhí féilire ó dháta an mheasúnaithe.

Is féidir íocaíocht a choinneáil siar nó a dhiúltú go dtí go mbíonn NEPS/ROS sásta gur comhlíonadh téarmaí agus coinníollacha na scéime.

Nuair atá siad sásta go bhfuil téarmaí agus coinníollacha na scéime comhlíonta go hiomlán, socróidh NEPS le híocaíocht a dhéanamh go díreach leis an síceolaí.

Iniúchadh & Deimhniú Cáilíochta:

Forchoimeádann NEPS/ROS an ceart iniúchadh a dhéanamh ar cháilíocht na hoibre atá déanta faoin scéim, agus don chúis sin is féidir leo radharc a lorg ar na prótacail trialach agus cáipéisí eile atá ag an síceolaí.

Cúiseanna le Baint den Phainéal

Is féidir síceolaithe a bhaint den phainéal ar na cúiseanna seo a leanas:

- teip ar théarmaí agus coinníollacha na scéime a chomhlíonadh go hiomlán
- teip ar mheasúnú a riar le cúram agus dúthracht réasúnta
- gabháil d'iompar nach bhfuil ar chaighdeán a mbeifí ag súil leis ó shíceolaí gairmiúil
- íocaíocht a lorg nó a ghlacadh ó fhoinsé seachas an scéim maidir le measúnú a riaradh faoin scéim
- teip ar an measúnú a riar go pearsanta ina iomláine (lena n-áirítear an tuairisc a scríobh agus aiseolas a thabhairt)

- eolas bréagach nó míthreorach a thabhairt i dtuairisc a chuirtear isteach nó ar Fhoirm 3
- eolas bréagach nó míthreorach a thabhairt in iarratas le bheith curtha ar an bpainéal
- a bheith ciontaithe as cion coiriúil a bhfuil téarma príosúnachta bliana nó níos mó mar phionós air.

Má déantar líomhain de mhí-iompar tromchúiseach **i gcoinne** síceolaí ar phainéal SCPA féadfar é/í a chur ar fionraí ón bpainéal go dtí go ndéanfar an líomhain a fhiosrú agus go mbeidh toradh ar aon fhiosrú dá leithéid.

Tuilleadh Eolais

Ba chóir fiosruithe a sheoladh chuig NEPS i scríbhinn le r-phost chuig scpa@education.gov.ie nó tríd an ngnáthphost chuig:

Bainisteoir SCPA
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)
3ú hUrlár, Trident House
An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath

Déanfar gach iarracht freagra a thabhairt ar fhiosruithe a luaithe agus is féidir.

Ba chóir plé le gearáin ag an bpointe seirbhíse, idir phríomhoide na scoile agus an síceolaí. Nuair a theipeann ar iarrachtaí neamhfhoirmiúla deacrachtaí a réiteach, is féidir le gearánaithe Nós Imeachta foirmiúil ROS um Ghearáin a agairt, atá ar fáil le híoslódáil ag baint úsáide as a nasc seo a leanas – [Nós Imeachta um Ghearáin](#).

Scéim chun Measúnuithe Síceolaíochta a Ordú (SCPA)

Séantaí Ginearálta

Tá téarmaí agus coinníollacha na scéime faoi réir ag athbhreithniú leanúnach. Is féidir leis an Aire Oideachais agus Scileanna iad a athrú nó a nuashonrú ag am ar bith agus gan fógra.

Ní clár de shíceolaithe é an painéal SCPA. Ní hionann ballraíocht ar an bpainéal agus incháilitheacht ar chlárú reachtúil síceolaithe.

Agus iad ag glacadh le síceolaí mar bhall den phainéal, níl NEPS/ROS ag dul isteach i socrúchán conartha ar bith leis an síceolaí. Ní fostaithe de chuid NEPS/ROS iad síceolaithe SCPA.

Ní bhronnann ballraíocht sa phainéal SCPA aon cheart ar leith ar shíceolaithe agus ní thugann sé barántas ar bith d'ordú le trialacha síceolaíochta a riar i scoileanna.

In aon bhliain amháin, mura sonraítear a mhalairt, tá ballraíocht sa phainéal SCPA i gcoitinne bailí ó dháta an cheapacháin go dtí deireadh na scoilbhliana sin amháin.

Forchoimeádann NEPS/ROS an ceart acu féin síceolaí a bhaint den phainéal SCPA ag am ar bith.

Is féidir leis an Aire Oideachais agus Scileanna an scéim a stopadh ag am ar bith.

Ní heagras araíonachta do síceolaithe iad NEPS/ROS. Tá freagracht as nithe dá leithéid ag eagras gairmiúil an tsíceolaithe ar leith.

Naisc ghréasáin:

Painéal Reatha na Síceolaithe SCPA

<http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/Educational-Psychologist-NEPS-/SCPA.html>

Nós Imeachta um Ghearáin ROS

<http://www.education.ie/ga/An-Roinn/Seirbhís-do-Chustaiméirí/Cairt-na-gCustaiméirí/Gearáin-i-dtaobh-na-Seirbhíse-do-Chustaiméirí/Eolas.html>